Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2024
(OR. en)

10420/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0122(NLE)**

MI 548
ECO 18
ENT 102
UNECE 9

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 219 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip i leith tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 13, 13-H, 22, 30, 41, 49, 51, 54, 63, 78, 79, 83, 85, 96, 100, 101, 108, 109, 117, 120, 129, 134, 138, 150 agus 155, maidir le togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feidhmíocht greama sneachta agus aicmiú boinn tarraingthe le haghaidh boinn atráchtaithe, maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 9, 13, 21, 22 agus 24 ó na Náisiúin Aontaithe agus i leith togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 219 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 219 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2024
COM(2024) 219 final

2024/0122 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip i leith tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 13, 13-H, 22, 30, 41, 49, 51, 54, 63, 78, 79, 83, 85, 96, 100, 101, 108, 109, 117, 120, 129, 134, 138, 150 agus 155, maidir le togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feidhmíocht greama sneachta agus aicmiú boinn tarraingthe le haghaidh boinn atráchtaithe, maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 9, 13, 21, 22 agus 24 ó na Náisiúin Aontaithe agus i leith togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Is togra é seo le haghaidh cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (WP.29) maidir le modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe atá ann cheana a ghlacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú Athbhreithnithe 1958 agus an Comhaontú Comhthreomhar

Tá dhá chomhaontú i bhfeidhm chun ceanglais chomhchuibhithe a fhorbairt chun deireadh a chur leis na bacainní teicniúla ar thrádáil mótarfheithiclí idir páirtithe conarthacha Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), agus chun a áirithiú go gcuirtear ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta comhshaoil ar fáil le mótarfheithiclí. Seo iad a leanas:

– Comhaontú UNECE maidir le glacadh saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha d'fheithiclí rothacha, do threalamh agus do pháirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus ar na coinníollacha maidir le ceadanna arna ndeonú ar bhonn na saintreoracha sin a aithint go frithpháirteach ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'); agus

– an Comhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a bhunú d'fheithiclí rothacha, do threalamh agus do pháirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar').

Tháinig na Comhaontuithe i bhfeidhm le haghaidh an Aontais Eorpaigh an 24 Márta 1998 agus an 15 Feabhra 2000, faoi seach. Is é WP.29 a dhéanann maoirseacht ar an obair a bhaineann leis na Comhaontuithe sin.

### 2.2. An Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, ar fóram de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip é

Soláthraíonn WP.29 creat uathúil chun rialacháin maidir le feithiclí a chomhchuibhiú ar bhonn domhanda. Is meitheal bhuan é WP.29 i gcreat institiúideach na Náisiún Aontaithe, agus tá sainordú sonrach agus rialacha sonracha nós imeachta sonracha aige. Feidhmíonn sé mar fhóram domhanda inar féidir plé oscailte a dhéanamh ar rialacháin maidir le mótarfheithiclí agus ar chur chun feidhme Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus an Chomhaontaithe Chomhthreomhair. Aon bhallstát de na Náisiún Aontaithe agus aon eagraíocht réigiúnach um chomhtháthú eacnamaíoch, arna bunú ag ballstáit na Náisiún Aontaithe, féadfaidh an ballstát nó eagraíocht sin a bheith rannpháirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí WP.29 agus a bheith ina pháirtí nó páirtí conarthach sna Comhaontuithe maidir le feithiclí a bhíonn á bhformhaoirsiú ag WP.29. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sna Comhaontuithe sin[1].

[1] Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') ( IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).
Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a bhunú d'fheithiclí rothacha, do threalamh agus do pháirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).

Tagann WP.29 UNECE le chéile trí huaire sa bhliain, is é sin i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna. Chun an dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh, féadfaidh WP.29 na nithe seo a leanas a ghlacadh ag gach cruinniú:

rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe;

rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe;

rialacháin theicniúla dhomhanda nua ó na Náisiúin Aontaithe (RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe);

modhnuithe ar rialacháin agus rúin ó na Náisiúin Aontaithe faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958; agus

modhnuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus ar rúin faoin gComhaontú Comhthreomhar.

Roimh gach cruinniú de chuid WP.29, déanann fochomhlachtaí tiomnaithe de chuid WP.29 na modhnuithe sin a phlé ar an leibhéal teicniúil.

Ina dhiaidh sin, is féidir le WP.29 tograí a ghlacadh ar na bealaí seo a leanas:

trí thromlach cáilithe na bpáirtithe conarthacha atá i láthair agus a chaitheann vóta i leith tograí faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958; nó

trí vóta comhthola na bpáirtithe conarthacha atá i láthair agus a chaitheann vóta i leith tograí faoin gComhaontú Comhthreomhar.

Roimh gach cruinniú a bhíonn ag WP.29, leagtar síos le Cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na nithe seo a leanas:

rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe; agus

leasuithe, forlíontaí agus ceartúcháin ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag WP.29

Ón 25 go dtí an 28 Meitheamh 2024, le linn an 193ú seisiún, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh:

tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 13, 13-H, 22, 30, 41, 49, 51, 54, 63, 78, 79, 83, 85, 96, 100, 101, 108, 109, 117, 120, 129, 134, 138, 150, agus 155 ó na Náisiúin Aontaithe;

togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feidhmíocht greama sneachta agus aicmiú boinn tarraingthe le haghaidh boinn atráchtaithe;

tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda (RTD) Uimh. 9, 13, 21, 22 agus 24 ó na Náisiúin Aontaithe; agus

togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Le córas WP.29, neartaítear comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán maidir le feithiclí. Tá ról ríthábhachtach ag Comhaontú Athbhreithnithe 1958 ó thaobh an cuspóir sin a bhaint amach. Is féidir le monaróirí an Aontais tacar coiteann de rialacháin chineálcheadúcháin a úsáid agus a fhios acu go n-aithneoidh páirtithe conarthacha go gcomhlíonann táirgí na monaróirí sin a reachtaíocht náisiúnta.

Mar thoradh air sin, bhíothas in ann breis agus 50 treoir ón Aontas Eorpach a aisghairm le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 i ndáil le sábháilteacht ghinearálta mótarfheithiclí, agus rialacháin chomhfhreagracha a forbraíodh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 a chur ina n-ionad.

Tá cur chuige den chineál céanna á leanúint le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Leagtar síos leis forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil ar leithligh nua. Ionchorpraíonn an Rialachán sin rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

A luaithe a ghlacann WP.29 togra le haghaidh rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe nó le haghaidh modhnuithe ar rialachán ó na Náisiúin Aontaithe atá ann cheana, tugann Rúnaí Feidhmiúcháin UNECE fógra faoin ngníomh comhfhreagrach do na páirtithe conarthacha. Mura ndéanfaidh mionlach blocála de pháirtithe conarthacha agóid laistigh de 6 mhí, tiocfaidh an gníomh i bhfeidhm. Ansin, is féidir le gach páirtí conarthach an gníomh a thrasuí ina rialacha náisiúnta infheidhme. San Aontas Eorpach, cuirtear an próiseas trasuite i gcrích nuair a fhoilsítear an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Ní mór seasamh an Aontais a leagan síos i ndáil leis na gníomhartha seo a leanas:

– tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 13, 13-H, 22, 30, 41, 49, 51, 54, 63, 78, 79, 83, 85, 96, 100, 101, 108, 109, 117, 120, 129, 134, 138, 150, agus 155 ó na Náisiúin Aontaithe chun forálacha a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an méid seo a leanas:
  – coscánú feithiclí troma - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe an rialachán a oiriúnú chun go mbeifear in ann feithiclí atá feistithe le córas tiomána uathoibrithe agus le modh tiomána de láimh araon a fhormheas;
  – coscánú gluaisteán paisinéirí - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe an rialachán a oiriúnú chun go mbeifear in ann feithiclí atá feistithe le córas tiomána uathoibrithe agus le modh tiomána de láimh araon a fhormheas;
  – clogaid sábháilteachta - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe rogha mhalartach (i.e. ionsamhlóir docht) a thabhairt isteach ar an modh tástála reatha (i.e. ionsamhlóir indífhoirmithe), rud a éascóidh cruthú an ionsamhlóra, agus an fíorú a dhéanamh níos saoire i ndáil le costas foriomlán na dtástálacha;
  – boinn le haghaidh feithiclí paisinéirí agus a leantóirí - leis na leasuithe atá beartaithe ceadaítear réitigh thomhais theicniúla eile le haghaidh leithead foriomlán an bhoinn, rud a éascóidh nuálaíochtaí teicniúla;
  – astaíochtaí torainn ó ghluaisrothair - leis na leasuithe atá beartaithe nuashonraítear tagairt an riain tástála ISO 10844 don úrscothacht is déanaí;
  – astaíochtaí innill adhainte comhbhrú agus innill adhainte deimhní (GPL agus GNC) - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe úsáid hidrigine mar bhreosla a cheadú le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí feithiclí tromshaothair. Is é is aidhm don leasú sin innill hidrigine aonbhreosla amháin a chomhtháthú;

[2] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

- torann ó chatagóirí feithiclí M agus N - leis na leasuithe atá beartaithe tugtar isteach ceartúcháin agus soiléirithe maidir le sainmhíniú cumhachta, calabrú, ceartú teochta agus measúnú fuaime tagartha a cuireadh san áireamh bunaithe ar an taithí a fuarthas leis na hathruithe deireanacha ar an rialachán sin;
- boinn le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí - leis na leasuithe atá beartaithe sonraítear go bhfuil lamháltas 4 % ar áireamh in uasleithead foriomlán na mbonn a shainaithnítear le siombail ‘A’ – ‘cumraíocht cheart don fheistiú’. Ina theannta sin, leis na leasuithe déantar Iarscríbhinn 9 a ailíniú le hIarscríbhinn 1 lena gceadaítear do na húdaráis chineálcheadaithe an nasc a dhéanamh leis na tuarascálacha ábhartha;
- astaíochtaí torainn ó mhóipéidí - leis na leasuithe atá beartaithe nuashonraítear tagairt an riain tástála ISO 10844 don úrscothacht is déanaí;
- coscáin gluaisrothar - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe mí-ailíniú neamhbheartaithe a cheartú idir na forálacha idirthréimhseacha le haghaidh sraith nua leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 78 ó na Náisiúin Aontaithe agus na Treoirlínte ginearálta le haghaidh forálacha idirthréimhseacha i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe,
- trealamh stiúrtha - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe soiléiriú a dhéanamh ar na forálacha maidir leis an bhfeidhm stiúrtha uathrialaitheach i gcás páirceáil chianrialaithe chatagóir A le haghaidh cónaisc feithiclí. Socraítear leis an sainmhíniú atá ann faoi láthair uasteorainn d’fhad 6m chuig an mótarfheithicil, rud nach bhfuil leordhóthanach i gcásanna ina ndéanann an tiománaí atá suite taobh thiar den chónasc feithiclí maoirseacht ar an oibríocht. Ina theannta sin, tá sé d’aidhm ag na leasuithe atá beartaithe an rialachán a oiriúnú chun go mbeifear in ann feithiclí atá feistithe le córas tiomána uathoibrithe agus le modh tiomána de láimh araon a fhormheas;
- astaíochtaí feithiclí M1 agus N1 - leis na leasuithe atá beartaithe ceadaítear luachanna ualaigh friotaíochta bóthair a ríomh ó na luachanna sin a chinntear de réir RTD Uimh. 15 (WLTP) ó na Náisiúin Aontaithe agus Rialachán Uimh. 83 ó na Náisiúin Aontaithe a ailíniú le Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe. Thairis sin, tá sé d’aidhm ag na leasuithe atá beartaithe ceartúcháin agus soiléirithe a thabhairt isteach ionas go gcomhlíonfadh feithiclí a thagann faoi réim ‘cineál feithicle maidir le hastaíochtaí’ aonair i gcomhréir le Rialacháin Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe ceanglais an rialacháin seo fós. Ar deireadh, soláthraítear leis an togra níos mó soiléireachta maidir leis na ceanglais a bhaineann leis na carachtair astaíochtaí éagsúla EA, EB agus CE;
- tomhas na glanchumhachta agus na cumhachta 30 nóiméad - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe na ceanglais maidir le feistí cúnta a shoiléiriú agus a thabhairt cothrom le dáta agus glanchumhacht nó cumhacht 30 nóiméad traenacha tiomána leictreacha á dtástáil. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an gceanglas go mbeadh an caidéal agus an teirmeastat suite ar an mbinse tástála sa suíomh coibhneasta céanna agus atá ar an bhfeithicil;
- forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú na n-inneall atá le suiteáil i dtarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta agus in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é maidir le hastaíochtaí truailleán ón inneall – is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe earráidí clóghrafacha a cheartú, chomh maith le húsáid hidrigine mar bhreosla a cheadú chun innill dócháin inmheánaigh atá le suiteáil i

dtarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta agus in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é a cheadú;

- feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreacha iontu - leis na leasuithe atá beartaithe tugtar isteach lipéadú, rud a chuideoidh le seirbhísí éigeandála an chaoi le dul i dtreo busanna agus trucailí atá feistithe le gléasra cumhachta leictreach i gcás dóiteáin a chinneadh, go háirithe córas stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe na feithicle nó i gcás ina ndéantar damáiste do chóras stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe de dheasca timpiste;

- Astaíochtaí CO2/ídiú breosla – leis na leasuithe atá beartaithe ceadaítear próiseas malartach chun ídiú fuinnimh leictrigh a fhíorú i gcomhréireacht táirgeachta, agus leasaítear ceanglas an luchtaire agus modh tomhais shruth an chórais stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe, agus leasaítear ceanglas an luchtaire agus modh tomhais shruth an chórais stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe le haghaidh gléasra cumhachta leictrí hibridí. Tá an dá athrú ag teacht le himeachtaí agus nósanna imeachta atá san áireamh cheana féin i sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe;

- boinn atráchtaithe le haghaidh gluaisteán paisinéirí agus a leantóirí - leis an leasuithe atá beartaithe bogtar na feidhmíochtaí maidir le feidhmíocht greama sneachta bonn atráchtaithe ó Rialachán Uimh. 108 ó na Náisiúin Aontaithe go Rialachán tiomnaithe nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cineálcheadú bonn atráchtaithe d’aicmí C1, C2 agus C3 i ndáil lena bhfeidhmíocht greama sneachta agus/nó lena n-aicmiú mar bhonn tarraingthe. Réitítear leis sin na deacrachtaí a bhí roimh na hatráchtóirí agus na húdaráis chineálcheadaithe sa chleachtas maidir le saoráidí atráchtaithe a fhormheas lena dtáirgtear ‘boinn lena n-úsáid i ndálaí diana sneachta’ agus maidir le comhréireacht táirgeachta na mbonn atráchtaithe sin a fhíorú;

- boinn atráchtaithe le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí - leis na leasuithe atá beartaithe bogtar na feidhmíochtaí maidir le feidhmíocht greama sneachta agus a n-aicmiú mar bhoinn tarraingthe ó Rialachán Uimh. 109 chuig Rialachán tiomnaithe nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cineálcheadú bonn atráchtaithe d’aicmí C1, C2 agus C3 i ndáil lena bhfeidhmíocht greama sneachta agus/nó a n-aicmiú mar bhonn tarraingthe. Réitítear leis sin na deacrachtaí a bhí roimh na hatráchtóirí agus na húdaráis chineálcheadaithe sa chleachtas maidir le saoráidí atráchtaithe a fhormheas lena dtáirgtear ‘boinn lena n-úsáid i ndálaí diana sneachta’ agus maidir le comhréireacht táirgeachta na mbonn atráchtaithe sin a fhíorú;

- friotaíocht rollta bonn, torann rollta agus fliuchghreim - leis na leasuithe atá beartaithe cuirtear feabhas ar in-atáirgtheacht an mhodha tástála greama sneachta trí na boinn tagartha C3 SRTTanna 19.5 agus 22.5 siped a chur in ionad na mbonn tagartha reatha C3 SRTTanna 19.5 agus 22.5. Anuas ar líon athruithe eagarthóireachta, tugtar an tagairt do chaighdeáin ISO cothrom le dáta in go leor míreanna agus tugtar isteach foirmle nua ceartúcháin teochta le haghaidh astaíochtaí fuaime rollta bonn d’aicmí C1 agus C2. Leis an togra, tugadh isteach modheolaíocht nua freisin chun scríobchaitheamh bonn de bhoinn C1 a thomhas;

- forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú na n-inneall dócháin inmheánaigh atá le suiteáil i dtarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta agus in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, maidir le glanchumhacht, glan-chasmhóimint agus ídiú sonrach breosla a thomhas – is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe

earráidí clóghrafacha a cheartú, chomh maith le céadú úsáid hidrigine mar bhreosla a fhormheas i ndáil le hinnill dócháin inmheánaigh atá a shuiteáil i dtarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta agus in innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, maidir le glanchumhacht, glan-chasmhóimint agus ídiú sonrach breosla a thomhas;

  – córais fheabhsaithe srianta sábháilteachta linbh - is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe feiste cosanta riochtáin ar an mbinse sa tástáil tosaigh dhinimiciúil le cúisín treisithe uilíoch a cheadú, gan dochar a dhéanamh do mhuineál an riochtáin;

  – feithiclí hidrigine agus breosla-chealla – leis na leasuithe atá beartaithe ceartaítear tagairtí a cuireadh isteach le linn thrasuí GTR 13 chéim 1 sa tsraith bhunaidh leasuithe ar Rialachán Uimh. 134 ó na Náisiúin Aontaithe agus a cóipeáladh i sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 134 ó na Náisiúin Aontaithe;

  – feithiclí ciúine iompair de bhóthar - leis na leasuithe atá beartaithe, laghdaítear éiginnteachtaí tomhais le linn leibhéal fuaime aon trian de bhanda ochtáibhe a thomhas agus laghdaítear limistéir liatha atá ann cheana i gcomhthéacs ceaduithe a eisiúint. Thairis sin, tugtar aghaidh ar iompraíocht an chórais fuaimiúil foláirimh d'fheithicil os cionn luas feithicle 20 km/h agus nuair a dhéantar cúlú, rud a áirithíonn idirghníomhaíocht fheidhmiúil idir an Rialachán seo agus na ceanglais i Rialacháin eile i réimse an uasleibhéil fuaime is incheadaithe i raon luais chóras fuaimiúil foláirimh d'fheithicil agus na forálacha breise maidir le hastaíocht fuaime nó forálacha breise maidir le hastaíocht fuaime fíorthiomána;

  – gairis ais-fhrithchaiteacha - leis na leasuithe atá beartaithe déantar an nós imeachta atá le leanúint a ailíniú i gcás frithchaitheamh dromchla ar an ais-fhrithchaiteoir le haghaidh comhéifeacht tomhais déine lonrúil agus tomhais dathanna araon. Faoi láthair, tá an nós imeachta difriúil agus d'fhéadfadh comhordanáidí dathanna tomhaiste éagsúla a bheith mar thoradh air sin i saotharlanna éagsúla; agus

  – an chibearshlándáil agus córas bainistithe cibearshlándála - is é is aidhm don togra raon feidhme Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe a shíniú chun gach feithicil de chatagóir L a chur san áireamh;

– togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feidhmíocht greama sneachta agus aicmiú boinn tarraingthe le haghaidh boinn atráchtaithe - moltar an Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe seo chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhí roimh na hatráchtóirí agus roimh na húdaráis chineálcheadaithe sa chleachtas leis na ceanglais atá ann cheana maidir le saoráidí atráchtaithe a fhormheas lena dtáirgtear 'boinn lena n-úsáid i ndrochdhálaí sneachta' agus maidir le comhréireachta táirgeachta na mbonn atráchtaithe sin a fhíorú. Téann an togra seo i gcomhthráth leis na tograí lena mbaintear na feidhmíochtaí maidir le feidhmíocht greama sneachta bonn atráchtaithe ó na Rialacháin Uimh. 108 agus 109 ó na Náisiúin Aontaithe.; agus

– tograí le haghaidh modhnuithe ar RTD Uimh. 9, 13, 21, 22 agus 24 ó na Náisiúin Aontaithe chun forálacha a thabhairt cothrom le dáta maidir leis an méid seo a leanas:

  – sábháilteacht coisithe - baineann na leasuithe atá beartaithe le forbairt forálacha tástála le haghaidh feithiclí atá feistithe le córais cosanta coisithe in-imscartha, lena n-áirítear réamhriachtanais, gan athrú a dhéanamh ar imbhuailteoirí chruth an chloiginn agus a bparaiméadair chomhfhreagracha le haghaidh tástálacha ar bharr an bhoinéid;

– feithiclí hidrigine agus breosla-chille – leis na leasuithe atá beartaithe ceartaítear earráidí eagarthóireachta ar théacs leasú 1 ar RTD Uimh. 13 ó na Náisiúin Aontaithe;

– cumhacht feithiclí leictrithe a chinneadh - leis na leasuithe atá beartaithe feabhsaítear sainmhínithe, sonraíochtaí agus tugtar isteach coincheap an fhine agus, chun freastal ar ghléasraí cumhachta ard-chomhtháite, soláthraítear nós imeachta tástála ISO breise (TP1), lena n-úsáidtear cóimheas dáilte cumhachta idir dhá bhrainse de ghléasra cumhachta mar a thuairiscítear le comhartha ar bord;

– marthanacht ceallra infheithicle le haghaidh feithiclí saothair éadroim leictrithe - leis na leasuithe atá beartaithe, tugtar isteach ceanglais maidir leis an monaróir an t-achar fíorúil tuairiscithe a fhíorú; agus

– tomhas saotharlainne ar astaíochtaí coscáin d'fheithiclí saothair éadroim - leis na leasuithe atá beartaithe tugtar isteach an nós imeachta chun comhéifeachtaí sciar coscánaithe frithchuimilte feithicil-sonrach a chinneadh lena n-úsáid leis an RTD maidir le hábhar cáithníneach caithimh coscáin agus astaíochtaí líon na gcáithníní ó choscáin a úsáidtear ar fheithiclí saothair éadroim a thomhas suas le 3.5 tona.

Tá sé beartaithe ag WP.29 vótáil ar na tograí sin ag an gcruinniú a bheidh aige ón 25 go dtí an 28 Meitheamh 2024.

Ina theannta sin, ní mór seasamh an Aontais a leagan síos maidir leis na nithe seo a leanas:

– togra le haghaidh leasú 4 ar Rún Frithpháirteach Uimh. 1 - leis na leasuithe atá beartaithe, tugtar isteach sonraíochtaí maidir le cáiliú samhlacha maidir le corp an duine chun am tionchair cloiginn coisithe a chinneadh mar réamhriachtanas córas cosanta coisithe i gcomhréir le ceanglais RTD Uimh. 9 ón na Náisiúin Aontaithe;

– togra le haghaidh leasú ar an doiciméad léirmhíniúcháin le haghaidh Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe - is é is aidhm don togra an doiciméad léirmhíniúcháin a ailíniú leis an togra leasaithe comhthráthach le haghaidh Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe, lena gcuirtear síneadh le raon feidhme an Rialacháin chun gach feithicil de chatagóir L a áireamh;

– togra le haghaidh treoirlínte agus moltaí maidir le ceanglais sábháilteachta, measúnuithe agus modhanna tástála córas tiomána uathoibrithe chun bonn eolais a chur faoin bhforbairt rialála; agus

– togra le haghaidh leasú ar threoirlínte ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le nósanna imeachta rialála agus forálacha idirthréimhseacha i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe - déantar soiléiriú breise sa togra ar chur i bhfeidhm forálacha idirthréimhseacha i Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe.

Ba cheart don Aontas tacú leis na gníomhartha thuasluaite ós rud é go bhfuil siad i gcomhréir lena bheartas maidir leis an margadh inmheánach i dtaca leis an earnáil mótarfheithiclí maidir le sábháilteacht, uathoibriú agus astaíochtaí, agus i gcomhréir freisin lena bheartais maidir leis an iompar, an aeráid agus an fuinneamh.

Imríonn na gníomhartha sin uile tionchar an-dearfach ar iomaíochas earnáil mótarfheithiclí an Aontais agus ar an trádáil idirnáisiúnta. Vótáil i bhfabhar na ngníomhartha sin, rachadh sin chun sochair don dul chun cinn teicneolaíoch, sholáthródh sé barainneachtaí scála, sheachnódh sé ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh agus d'áiritheodh sé go gcuirfí caighdeáin chomhionanna maidir le mótarfheithiclí i bhfeidhm ar fud an Aontais.

Níl saineolas seachtrach ábhartha i gcás an togra seo. Mar sin féin, rinne an Coiste Teicniúil um Mótarfheithiclí athbhreithniú ar an togra seo.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) CFAE, luaitear go nglacann an Chomhairle cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo mar gheall ar na rialacha dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. An coincheap, 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo', áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh'[3].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é WP.29 ina bpléann páirtithe conarthacha UNECE cur chun feidhme Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus an Chomhaontaithe Chomhthreomhair.

Na gníomhartha a iarrtar ar WP.29 a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo.

Na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a bheidh sa ghníomh atá beartaithe, beidh siad ina gceangal ar an Aontas. In éineacht le rún ó na Náisiúin Aontaithe agus le RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe, beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithicle.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

Féadfaidh dhá aidhm nó dhá chomhpháirt a bheith i gceist le gníomh atá beartaithe, ar féidir ceann amháin díobh a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach. Sa chás seo, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí substainteach atá leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is é comhfhogasú na ndlíthe príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 114 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2024/0122 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip i leith tograí le haghaidh modhnuithe ar rialacháin Uimh. 13, 13-H, 22, 30, 41, 49, 51, 54, 63, 78, 79, 83, 85, 96, 100, 101, 108, 109, 117, 120, 129, 134, 138, 150 agus 155, maidir le togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feidhmíocht greama sneachta agus aicmiú boinn tarraingthe le haghaidh boinn atráchtaithe, maidir le tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 9, 13, 21, 22 agus 24 ó na Náisiúin Aontaithe agus i leith togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle[1], d'aontaigh an tAontas Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach i gcás ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958'). Tháinig Comhaontú Athbhreithnithe 1958 i bhfeidhm an 24 Márta 1998.

(2) Le Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle[2], d'aontaigh an tAontas don Chomhaontú maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar'). Tháinig an Comhaontú Comhthreomhar i bhfeidhm an 15 Feabhra 2000.

(3) I Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], leagtar síos forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh

---

1 Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, sin agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') ( IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

2 Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a bhaineann le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i gcomhair feithiclí rothacha agus trealaimh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12).

3 Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE)

gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil ar leithligh nua. Ionchorpraíonn an Rialachán sin rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 ('Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe') i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, mar cheanglais maidir le cineálcheadú nó mar roghanna malartacha ar reachtaíocht an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 1 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, féadfaidh Fóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29) tograí a ghlacadh le haghaidh modhnuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe, agus tograí a ghlacadh le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le ceadú feithiclí. Thairis sin, de bhun na bhforálacha sin, féadfaidh WP.29 UNECE tograí a ghlacadh le haghaidh údaruithe chun leasuithe ar RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt nó chun RTDanna nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt, agus féadfaidh sé tograí a ghlacadh chun síneadh a chur leis na sainorduithe le haghaidh RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe.

(5) Ón 25 go dtí an 28 Meitheamh 2024, le linn an 193ú seisiún d'Fhóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí, féadfaidh WP.29 an méid seo a leanas a ghlacadh: tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 13, 13-H, 22, 30, 41, 49, 51, 54, 63, 78, 79, 83, 85, 96, 100, 101, 108, 109, 117, 120, 129, 134, 138, 150, agus 155 ó na Náisiúin Aontaithe; togra le haghaidh Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feidhmíocht greama sneachta agus aicmiú boinn tarraingthe le haghaidh boinn atráchtaithe; tograí le haghaidh modhnuithe ar RTD Uimh. 9, 13, 21, 22 agus 24 ó na Náisiúin Aontaithe; agus togra le haghaidh leasú ar rún frithpháirteach Uimh. 1.

(6) Beidh na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe ina gceangal ar an Aontas. In éineacht le rún ó na Náisiúin Aontaithe agus le RTDanna ó na Náisiúin Aontaithe, beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithicle. Dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais in WP.29 maidir le glacadh na dtograí sin, is iomchuí é a bhunú.

(7) Chun forbairtí teicniúla agus taithí allamuigh a chur san áireamh, na ceanglais maidir le gnéithe áirithe a chumhdaítear le Rialacháin Uimh. 13, 13-H, 22, 30, 41, 49, 51, 54, 63, 78, 79, 83, 85, 96, 100, 101, 108, 109, 117, 120, 129, 134, 138, 150 agus 155 ó na Náisiúin Aontaithe agus le rún comhdhlúite Uimh. 1 ó na Náisiúin Aontaithe agus RTDanna Uimh. 9, 13, 21, 22 agus 24, is gá iad a leasú nó a fhorlíonadh.

(8) Chun dul chun cinn teicniúil a éascú agus chun sábháilteacht a fheabhsú agus lorg comhshaoil a laghdú, ní mór Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le feidhmíocht greama sneachta agus aicmiú bonn tarraingthe le haghaidh boinn atráchtaithe a ghlacadh.

(9) Tá na tograí sin i gcomhréir le beartas margaidh inmheánaigh an Aontais maidir leis an tionscal mótarfheithiclí maidir le sábháilteacht, uathoibriú agus astaíochtaí, chomh maith lena bheartais iompair, aeráide agus fuinnimh agus beidh tionchar an-dearfach acu ar iomaíochas earnáil mótarfheithiclí an Aontais agus ar thrádáil idirnáisiúnta.

(10) I bhfianaise na dtairbhí a luaitear, moltar vótáil i bhfabhar na dtograí sin.

---

Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i bhFóram Domhanda UNECE um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí, le linn an 193ú seisiún a thionólfar idir an 25 agus an 28 Meitheamh 2024, is ea vótáil i bhfabhar na dtograí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*